2023/2492

17.11.2023

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2492 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Samhain 2023

lena n-eisiatar ó mhaoiniú an Aontais Eorpaigh caiteachas áirithe a thabhaíonn an Ríocht Aontaithe faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2023) 7606)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 52 de, i gcomhar le hAirteagal 131 agus Airteagal 138 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um na Cistí Talmhaíochta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, déanfaidh an Coimisiún na fíoruithe is gá, cuirfidh sé in iúl don Ríocht Aontaithe torthaí na bhfíoruithe sin, tabharfaidh sé dá aire na barúlacha ón Ríocht Aontaithe, cuirfidh sé tús le plé déthaobhach ionas go mbeifear in ann teacht ar chomhaontú agus cuirfidh sé a chonclúidí in iúl don Ríocht Aontaithe go foirmiúil.

(2) Bhí deis ag an Ríocht Aontaithe a iarraidh go seolfaí nós imeachta idir-réitigh. Níor úsáideadh an deis sin.

(3) I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ní fhéadfar a mhaoiniú ach caiteachas talmhaíochta, a tabhaíodh ar bhealach nár sháraigh dlí an Aontais.

(4) I bhfianaise na bhfíoruithe a rinneadh agus thorthaí an phlé dhéthaobhaigh, ní chomhlíonann cuid den chaiteachas arna dhearbhú ag an Ríocht Aontaithe an ceanglas sin agus dá bhrí sin, ní fhéadfar é a mhaoiniú faoi CETFT.

(5) Na méideanna nach n-aithnítear a bheith inmhuirir ar CETFT, ba cheart iad a chur in iúl. Ní bhaineann na méideanna sin le caiteachas a thabhaítear níos mó ná 24 mhí sula dtugann an Coimisiún fógra i scríbhinn don Ríocht Aontaithe maidir le torthaí na bhfíoruithe.

(6) Na méideanna a eisiatar ó mhaoiniú an Aontais leis an gCinneadh seo, ba cheart a chur san áireamh leo freisin aon laghdú nó fionraíocht i gcomhréir le hAirteagal 41 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ós rud é gur de chineál sealadach iad na laghduithe nó na fionraíochtaí sin agus go bhfuil siad gan dochar do chinntí a dhéantar de bhun Airteagail 51 nó 52 den Rialachán sin.

(7) A mhéid a bhaineann leis na cásanna a chumhdaítear leis an gCinneadh seo, thug an Coimisiún fógra don Ríocht Aontaithe, i dtuarascáil achomair ar an ábhar, faoin measúnú ar na méideanna a bhí le heisiamh ar fhorais nár comhlíonadh dlí an Aontais ([2]).

(8) Tá an Cinneadh seo gan dochar d'aon chonclúid airgeadais a bhféadfaidh an Coimisiún teacht uirthi ó bhreithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcásanna a bhí ar feitheamh an 17 Lúnasa 2023,

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 549.
([2]) Ares(2023)6489779

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Eisiafar ó mhaoiniú an Aontais na méideanna a leagtar amach san Iarscríbhinn agus a bhaineann le caiteachas a thabhaíonn gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe na Ríochta Aontaithe agus a dhearbhaítear faoi CETFT.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Samhain 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Ceartuithe airgeadais

CETFT

Ceartuithe airgeadais – lena n-eisiatar an traschomhlíonadh

Mír Bhuiséid: 6201

Ballstát	Beart	FY	Cúis	Cineál	Ceartúchán %	Airgeadra	Ollmhéid	Asbhaintí	Glanmhéid Cinntithe
GB	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2019	Easpa córas smachtbhannaí 2019	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	– 196 923,19	– 75,57	– 196 847,62
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2021	Easpa córas smachtbhannaí 2021	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	– 89,00	0,00	– 89,00
	Imréiteach Cuntas – Imréiteach Airgeadais	2021	Seiceálacha riaracháin Bliain airgeadais 2021	AONUAIRE		EUR	– 663 520,79	0,00	– 663 520,79
	Imréiteach Cuntas – Imréiteach Airgeadais	2020	Earráidí airgeadais agus earráidí aitheanta arna mbrath ag an BC Bliain airgeadais 2021	AONUAIRE		EUR	– 27 534,76	0,00	– 27 534,76
	Imréiteach Cuntas – Imréiteach Airgeadais	2021	Earráidí airgeadais agus earráidí aitheanta arna mbrath ag an BC Bliain airgeadais 2021	AONUAIRE		EUR	– 7 364,51	0,00	– 7 364,51
					Iomlán GB:	**EUR**	**– 895 432,25**	**– 75,57**	**– 895 356,68**

Airgeadra	Ollmhéid	Asbhaintí	Glanmhéid Cinntithe
EUR	– 895 432,25	– 75,57	– 895 356,68

Ceartuithe airgeadais		Glanmhéid Iomlán Cinntithe
CETFT	**Ceartuithe airgeadais – lena n-eisiatar an traschomhlíonadh**	**– 895 356,68**
IOMLÁN:		**– 895 356,68**

Aisíocaíochtaí	Glanmhéid Iomlán Cinntithe
IOMLÁN:	**0,00**

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2492/oj